Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14487/23
ADD 1
LIMITE
PV CONS 49
JAI 1346
COMIX 476

PUBLIC

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Ceartas agus Gnóthaí Baile)

19 agus 20 Deireadh Fómhair 2023

**DÉARDAOIN, AN 19 DEIREADH FÓMHAIR 2023**

**GNÓTHAÍ BAILE**

PUBLIC

### RIALACHAS POLAITIÚIL LIMISTÉAR SCHENGEN ('COMHAIRLE SCHENGEN')

### Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

**3. Staid ghinearálta limistéar Schengen**

**(a) Baraiméadar Schengen** 13666/23

**(b) An choireacht trasteorann a chomhrac, go háirithe smuigleáil imirceach** 13901/23

*Seisiún tuairimíochta*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a cuireadh ar fáil ag cruinniú a bhí ag an gCoiste Measctha ar leibhéal na n-airí (14607/23).

**4. Cur chun feidhme na hidir-inoibritheachta** 13707/23

*Seisiún tuairimíochta*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a cuireadh ar fáil ag cruinniú a bhí ag an gCoiste Measctha ar leibhéal na n-airí (14607/23).

### SAINCHEISTEANNA EILE MAIDIR LE GNÓTHAÍ BAILE

### Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

**9. Tearmann agus imirce: gné sheachtrach**[1][2] 13996/23

*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le gné sheachtrach na himirce.

**10. Impleachtaí na staide sa Mheánoirthear le haghaidh slándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh**[1][3]

*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le himpleachtaí na staide sa Mheánoirthear ar shlándáil inmheánach an Aontais.

---

[1] Go heisceachtúil i láthair na Stát atá comhlachaithe le Schengen.

[2] Tugadh cuireadh do Ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, Frontex, Europol agus EUAA, le haghaidh an phointe seo.

**11. Radacú ar líne mionaoiseach a chosc: staid na himeartha agus na chéad chéimeanna eile**[3] 13718/23

*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le radacú ar líne mionaoiseach a chosc.

PUBLIC

**12. Aon ghnó eile**

**(a) Fóram Aireachta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile (Scóipé, an 26-27 Deireadh Fómhair 2023)** 11958/23

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(b) Suaitheadh ar Idirnascaire Mhuir Bhailt (Balticconnector) agus damáiste do cháblaí sonraí** 14281/23

*Faisnéis ón Eastóin agus ón bhFionlainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis bhreise a chuir an Fhionlainn agus an Eastóin ar fáil maidir le himscrúduithe atá ar siúl faoi láthair a d'eascair as na teagmhais a tharla le déanaí a rinne difear do bhonneagar criticiúil faoin bhfarraige an 8 Deireadh Fómhair.

**(c) Comhdháil Idirnáisiúnta na nDeontóirí maidir le Dímhianú Daonnúil san Úcráin (Ságrab, an 11-12 Deireadh Fómhair 2023)** 14225/23

*Faisnéis ón gCróit*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Chróit ar fáil.

[3] Tugtar cuireadh do ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh, Europol, le haghaidh an phointe seo.

**DÉ hAOINE, AN 20 DEIREADH FÓMHAIR 2023**

**CEARTAS**

PUBLIC

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**15. Cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin: an tsaoirse ó phionós a chomhrac [4]** 13632/23
*Staid na himeartha*

Thug an Chomhairle dá haire staid na himeartha agus an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht, an Coimisiún agus Eurojust ar fáil maidir leis an tsaoirse ó phionós a chomhrac i dtaobh chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

**16. Comhar breithiúnach le Meiriceá Laidineach chun an choireacht eagraithe a chomhrac:[5]** 13680/23
**(a) Cruinniú mullaigh idir an tAontas agus CELAC (an Bhruiséil, an 17–18 Iúil 2023): obair leantach**
**(b) Clár cúnaimh na hEorpa agus Mheiriceá Laidinigh i gcoinne na coireachta trasnáisiúnta eagraithe (tionscadal a bheidh ann amach anseo 'EL PAcCTO 2.0')**
*Staid na himeartha*

Thug an Chomhairle dá haire staid na himeartha agus an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil maidir leis an obair leantach a tháinig as an gcruinniú mullaigh idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh (an Bhruiséil, an 17-18 Iúil 2023) agus maidir le clár cúnaimh na hEorpa agus Mheiriceá Laidinigh i gcoinne na coireachta trasteorann eagraithe (tionscadal 'EL PAcCTO 2.0' a bheidh ann amach anseo).

**17. Iarrachtaí chun éifeachtúlacht agus cáilíocht na gcóras ceartais a fheabhsú** 13684/23
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le hiarrachtaí chun éifeachtúlacht agus cáilíocht na gcóras ceartais a fheabhsú.

---

[4] Tugadh cuireadh do ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh, Europol, le haghaidh an phointe seo.

[5] Tugadh cuireadh d'ionadaí 'EL PAcCTO 2.0' le haghaidh an phointe seo.

**18. Conclúidí maidir le cumhachtú digiteach agus cearta bunúsacha** 13399/23 + COR 1 + ADD 1
*Formheas*
*Seisiún tuairimíochta*[6]

D'fhormheas an Chomhairle conclúidí maidir le cumhachtú digiteach agus cearta bunúsacha agus bhí seisiún tuairimíochta aici i dtaca leis an ábhar sin le Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha. Tá ráitis ón mBulgáir, ón bPolainn agus ón Ungáir leagtha amach san Iarscríbhinn.

PUBLIC

**19. Aon ghnó eile**

**(a) Aontachas an Aontais Eorpaigh le Coinbhinsiún Iostanbúl** 13773/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil maidir le haontachas an Aontais le Coinbhinsiún Iostanbúl.

**(b) Caibidlíocht idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir le comhaontú um r-fhianaise**
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil faoin gcaibidlíocht idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir le comhaontú um r-fhianaise.

**(c) Fóram Aireachta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile (Scóipé, an 26-27 Deireadh Fómhair 2023)** 11958/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an bhFóram Aireachta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile a bhí ar siúl i Scóipé, an 26-27 Deireadh Fómhair 2023.

**(d) Teachtaireacht maidir le Treochlár an Aontais chun gáinneáil ar dhrugaí agus coireacht eagraithe a chomhrac** 14114/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil i ndáil lena theachtaireacht maidir le Treochlár an Aontais chun gáinneáil ar dhrugaí agus coireacht eagraithe a chomhrac.

---

[6] Tugtar cuireadh do Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha le haghaidh an phointe seo.

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'B' a leagtar amach in 13958/23**

PUBLIC

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 18 ar liosta na míreanna 'B':** | **Conclúidí maidir le cumhachtú digiteach agus cearta bunúsacha**<br>*Formheas*<br>*Seisiún tuairimíochta* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Leagann an Bhulgáir an-bhéim ar an gcumhachtú digiteach chun cearta bunúsacha a chosaint agus a fhorfheidhmiú sa ré dhigiteach agus, dá bhrí sin, is mian léi a chur in iúl go dtacaíonn sí leis na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle atá beartaithe maidir le cumhachtú digiteach chun cearta bunúsacha a chosaint agus a fhorfheidhmiú sa ré dhigiteach.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an gCinneadh thuasluaite de chuid na Cúirte Bunreachtúla, dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire nach féidir léi glacadh le coincheap na hinscne ná le cur chuige inscnebhunaithe Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa, ná le haon doiciméad eile ina mbeartaítear difreáil a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar choincheap sóisialta. Thairis sin, creidimid go láidir gur cheart don Chomhairle úsáid a bhaint as téarmaíocht na Cairte agus aghaidh á tabhairt aici ar chearta bunúsacha i gcomhthéacs Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus le dlí príomha, prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Thairis sin, tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar luach bunúsach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leo sin agus le reachtaíocht náisiúnta na hUngáire, léirmhíníonn an Ungáir coincheap an 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' agus coincheap 'bearna dhigiteach idir na hinscní' mar thagairt don 'bearna dhigiteach idir mná agus fir' i bpointí 5 agus 8 de na conclúidí ón gComhairle maidir le cumhachtú digiteach agus cearta bunúsacha.

Bíodh is go gcomhaontaíonn an Ungáir le glacadh na gConclúidí ón gComhairle maidir le cumhachtú digiteach agus cearta bunúsacha agus leis na tagairtí a rinneadh iontu do straitéisí éagsúla de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus Chomhairle na hEorpa, ní ceart sin a léirmhíniú mar fhormhuiniú ginearálta ar na gníomhaíochtaí uile a fhógraítear, ar na téarmaí a úsáidtear ná tagairtí a dhéantar sna straitéisí agus sna pleananna gníomhaíochta sin, go háirithe nuair atá sna gníomhaíochtaí sin, na téarmaí agus sna tagairtí sin, tagairtí díreacha don Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025 agus/nó do Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025 de chuid an Choimisiúin.'

## RÁITEAS ÓN bPOLAINN

‘Aontaíonn an Pholainn go nglacfaidh sí na Conclúidí maidir le cumhachtú digiteach chun cearta bunúsacha a chosaint agus a fhorfheidhmiú sa ré dhigiteach, agus is mór aici cúnamh Uachtaránacht na Spáinne lena n-ullmhú. Go deimhin, tá an Pholainn den tuairim gur bunchloch d’aon tsochaí dhaonlathach iad cearta bunúsacha agus gur ríthábhachtach iad a chosaint, ar líne agus as líne araon, chun dínit an duine a urramú.

Mar sin féin, agus treoir na gConclúidí á formheas aici, ceistíonn an Pholainn cuid de na forálacha lena ndéantar iarracht sainmhíniú ar an gcoir ‘fuathchainte’ a thabhairt isteach agus an coincheap doiléir maidir le ‘inscne’ a úsáidtear.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go dtagraítear go sainráite in Airteagail 2 agus 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, in Airteagal 10 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh don chomhionannas idir mná agus fir agus gurb é an téarma ‘gnéas’ amháin, seachas ‘inscne’, a úsáidtear iontu. Níl sainmhíniú i ndlí bunúsach an Aontais ar an téarma ‘inscne’, agus dá bhrí sin tá sé fós doiléir agus intuigthe go débhríoch i mBallstáit an Aontais. Ag eascairt as an mbreathnóireacht sin tá an chonclúid aonchiallach nach féidir úsáid ‘inscne’ a dheighilt nó a idirdhealú le cinnteacht leordhóthanach lena n-áiritheofaí léiriú ar bhealach comhionann. Ciallaíonn sé seo gur féidir é a úsáid chun tagairt a dhéanamh do ghnéas bitheolaíoch, agus do ghnéas soch-chultúrtha, mar a thugtar air, freisin. Is é an toradh a bhíonn ar an amhras sin nach féidir cúinsí ina bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh in aghaidh grúpaí sóisialta áirithe ar bhonn a ngnéis bhitheolaíoch a dhíothú. Ceart uilechoiteann a aithnítear go hidirnáisiúnta agus i ndlí na Polainne is ea ceart gach duine chun comhionannais os comhair an dlí agus chun cosaint ar idirdhealú. Ba cheart, áfach, an coincheap ‘inscne’ a thuiscint i gcomhréir le hord bunreachtúil agus traidisiún na Polainne, i gcomhréir le hAirteagal 33 den Bhunreacht, mar go ndéanann Poblacht na Polainne a dícheall cearta comhionanna a áirithiú sa teaghlach, sa saol polaitiúil, sóisialta agus eacnamaíoch do mhná agus fir. Níl aon tagairt i mBunreacht na Polainne don fhrása neamhshainithe ‘inscne’. Tá forlámhas ag an bprionsabal nach foláir céannacht náisiúnta na mBallstát a urramú i gcás den sórt sin i dtreo léirmhínithe i gcomhréir le prionsabail sháraitheacha dlí. Dá bhrí sin, forchoimeádann an Pholainn an ceart chun an téarma ‘inscne’ a úsáidtear i dtéacs an dréachta a léirmhíniú mar théarma atá comhionann leis an téarma ‘gnéas’ atá gan débhrí agus atá seanbhunaithe (sa chiall fireann agus baineann) i ndlí an Aontais Eorpaigh.

Tá sé tábhachtach freisin a aithint nach bhfuil ‘fuathchaint’ fós mar chuid de chatalóg de choireanna Eorpacha faoi Airteagal 83(1) CFAE. Tá an bhrí atá le ‘fuathchaint’ doiléir agus tuigtear é ar bhealach éagsúil i ngach Ballstát. Dá bhrí sin, maidir leis na forálacha a mholtar sna Conclúidí lena sainmhínítear ‘fuathchaint’ mar ‘gríosú chun foréigin agus fuatha’, a bhféadfadh ‘foréigean fisiceach, stalcaireacht, imeaglú, oibiachtú, ciapadh, ciapadh gnéasach agus idirdhealú, lena n-áirítear coireanna fuatha,’ a bheith mar thoradh uirthi, d’fhéadfaidís, dá bhrí sin, a bheith ina n-iarracht dul timpeall ar nós imeachta an chonartha agus, go deimhin, féachaint le sainmhíniú ar ‘fuathchaint’ a thabhairt isteach i ndlíchóras an Aontais i ndoiciméid neamhreachtacha.

Ina theannta sin, ba cheart a chuir i dtábhacht nach féidir an sainmhíniú ar ‘fuathchaint’ atá sna conclúidí a bheith ceangailteach ó thaobh dlí ar aon Bhallstát freisin. Thairis sin, ní féidir leis a bheith mar bhunús le haghaidh léirmhíniú nó réasúnaíocht ag aon údarás breithiúnach. D’fhéadfadh an coincheap débhríoch maidir le ‘fuathchaint’ a úsáidtear i ndoiciméid oifigiúla an Aontais an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a chur i mbaol agus, dá dheasca sin, d’fhéadfadh sé a bheith ina shárú ar na cearta agus ar na saoirsí chun tuairim a nochtadh.’

PUBLIC

**<u>Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 13959/23</u>**

PUBLIC

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE**

'Ar an gcaoi chéanna le Ballstáit eile agus go háirithe iad siúd atá ar an túslíne, tá cúnamh á chur ar fáil ag Poblacht na Seice, ó cuireadh tús le hionradh na Rúise ar an Úcráin agus ar cúnamh é nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, do dhaoine atá ar a dteitheadh ón gcogadh.
An 15 Deireadh Fómhair 2023, as beagnach 600 000 (571 511) iarratasóir a cláraíodh, tá os cionn 360 000 tairbhí de chosaint shealadach (sciar de 8.7 % de na clárúcháin ghníomhacha san Aontas), arb ionann é agus 3 % dá daonra, á n-óstáil fós ag Poblacht na Seice. Agus 8 000 iarratasóir bhreise nuachláraithe ann gach mí, is í Poblacht na Seice an Ballstát is mó a ndéantar difear dó *per capita*. Cuireann Poblacht na Seice an treoir maidir le cosaint shealadach chun feidhme go cuí agus chomhaontaigh sí go gcuirfear síneadh léi go dtí mí an Mhárta 2025, toisc go gcreideann sí go láidir freisin go bhfuil gá le freagairt chomhpháirteach Eorpach ar an staid seo. Dá réir sin, agus i gcomhréir le conclúidí an 9 Feabhra agus an 30 Meitheamh 2023 ó EUCO, tá Poblacht na Seice ag dréim léi go gcuirfidh an Coimisiún tacaíocht airgeadais bhreise leordhóthanach agus sholúbtha ar fáil chun cabhrú leis an ualach airgeadais gaolmhar a mhaolú ar an leibhéal náisiúnta (de réir shonraí ECFE, in 2022, chaith Poblacht na Seice an tríú méid is mó, is é sin 1.96 billiún euro, chun costais ghaolmhara mhaireachtála, oideachais agus sláinte a chumhdach).'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Ó thús ionradh na Rúise ar an Úcráin, tá an cúnamh is gá á chur ar fáil ag Ballstáit an Aontais do dhídeanaithe atá ar a dteitheadh ón gcogadh.

De réir na sonraí arna n-uaslódáil ar an Ardán um Chosaint Shealadach agus arna gcur tríd an Líonra um Ullmhacht agus um Bainistiú Géarchéimeanna an 10 Deireadh Fómhair 2023, tá líon measta na gclárúchán gníomhach i 27 mBallstát ollmhór fós i.e. 4 088 249 nduine. Tá an Pholainn ar cheann de na príomhthíortha a thugann isteach tairbhithe na cosanta sealadaí agus 957 175 thairbhí á n-óstáil aici (23 % de na clárúcháin ghníomhacha san Aontas). De réir mheastacháin ECFE, chaith an Pholainn 8.36 billiún euro agus dídeanaithe ón Úcráin á gcothú aici in 2022 (lena n-áirítear caiteachas ar oideachas, sochair shóisialta, cúram leighis, cóiríocht agus eile). Is é sin an figiúr is airde i measc Bhallstáit uile ECFE.

Níl aon amhras ar an bPolainn ach go bhfuil ár ndlúthpháirtíocht tuillte ag an Úcráin agus ag a saoránaigh agus, dá bhrí sin, níl sí i gcoinne síneadh a chur leis an gcosaint shealadach, ach ós rud é gurb í féin is mó atá thíos le plódú isteach dídeanaithe ón Úcráin, iarraimid ar an gCoimisiún Eorpach maoiniú leordhóthanach solúbtha a chur ar fáil i gcomhréir le conclúidí an 9 Feabhra 2023 ó EUCO. An méid atá ar fáil faoi láthair ó bhuiséad an Aontais, ní freagairt leormhaith é i bhfianaise a bhfuil ag teastáil.'